# Bileog Oibre - Cásanna sláinteachais



| | |
|---|---|
| 1. | Níl an tsláinte rómhaith ag athair dhuine de na dalta faoi láthair, agus dá thoradh sin níor níodh éide an dalta le cúpla seachtain. Tá boladh ag teacht as faoin am seo. |
| 2. | Fuair dalta a míostrú ag an scoil. Níl aon earraí sláintíochta aici le caitheamh agus tá náire uirthi ceist a chur ar an múinteoir. |
| 3. | Fuair dalta slaghdán le gairid agus tá sé/sí ag casacht agus ag sraofairt. |
| 4. | Tá a lán spotaí ag teacht ar éadan dalta. Ceapann siad gurb é an rud is fearr ná gan aon rud a dhéanamh leo. |
| 5. | Bíonn brionglóid fhliuch ag dalta ó am go chéile ach airíonn sé róthuirseach ar maidin chun é féin a níochán agus amanna ní athraíonn sé a fho-éadaí ó lá amháin go dtí an chéad lá eile. |
| 6. | Tá dalta ag tosú ar a míostrú agus tá sí ag úsáid súitíní. Amanna, fágann sí istigh iad an lá ar fad, agus nuair a thógtar amach iad ar deireadh thiar is minic go sruthlaítear síos sa leithreas iad. |
| 7. | Tá sé tugtha faoi deara ag dalta go bhfuil a leibhéal allais méadaithe, fiú nuair nach mbíonn siad ag imirt spóirt. |
| 8. | D'fhág dalta a scuab fiacla ina ndiaidh agus iad ag filleadh abhaile ó shaoire. Anois, úsáideann an dalta cibé ceann a bhíonn sa seomra folctha. |
| 9. | Faigheann dalta an-neirbhíseach sa rang agus bíonn siad ag ithe a n-ingne go leanúnach. |
| 10. | Tá daltaí tosaithe á mbearradh féin. Ní bhíonn siad in acmhainn i gcónaí rásúr nua a fháil, mar sin úsáideann siad aon rásúr a fhaigheann siad sa seomra folctha in amanna. |




